



PREASEISIÚINT Uimh. 77/24

Lucsamburg, 30 Aibreán 2024

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-670/22 | M.N. (EncroChat)

EncroChat: sonraíonn an Chúirt Bhreithiúnais na coinníollacha maidir le fianaise a tharchur agus a úsáid i gcásanna coiriúla a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo

I gcomhthéacs imeachtaí coiriúla sa Ghearmáin maidir le gáinneáil neamhdhleathach drugaí agus úsáid á baint as an tseirbhís chriptithe teileachumarsáide EncroChat, sonraíonn an Chúirt Bhreithiúnais coinníollacha áirithe maidir le tarchur agus úsáid fianaise a eascraíonn as an Treoir maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla.

Dá bhrí sin, féadfaidh ionchúisitheoir poiblí OIE a eisiúint maidir le tarchur fianaise atá bailithe cheana féin ag Ballstát eile, faoi choinníollacha áirithe. Ní cheanglaítear lena heisiúint go gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le fianaise a bhailiú sa Stát eisiúna. Ní mór, áfach, go bhféadfaí athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ina dhiaidh sin ar urramú chearta bunúsacha na ndaoine is ábhar do na sonraí. Ina theannta sin, ní mór fógra a thabhairt don Stát sin in am trátha faoi bheart idircheaptha a dhéanann Ballstát amháin ar chríoch Ballstáit eile. Ní mór don chúirt choiriúil, faoi choinníollacha áirithe, neamhaird a dhéanamh ar fhaisnéis agus fianaise a fhaightear i gcás nach bhfuil an duine lena mbaineann in ann trácht a dhéanamh uirthi.

D'éirigh le póilíní na Fraince, le cabhair ó shaineolaithe na hÍsiltíre agus le húdarú ó chúirt na Fraince, an tseirbhís chriptithe teileachumarsáide EncroChat a insíothlú. Baineadh úsáid as an tseirbhís seo ar fud an domhain ar fhóin phóca criptithe le haghaidh gáinneáil mhídhleathach drugaí. Trí fhreastalaí Europol, bhí Oifig Chónaidhme na Gearmáine na bPóilíní Breithiúnacha in ann na sonraí a idircheapadh ar an mbealach sin, a bhain le húsáideoirí EncroChat sa Ghearmáin a rochtain.

Tar éis Orduithe Imscrúdaithe Eorpacha arna n-eisiúint ag Oifig Ionchúisitheora Phoiblí na Gearmáine, d'údaraigh cúirt na Fraince tarchur na sonraí sin agus a n-úsáid in imeachtaí coiriúla sa Ghearmáin.

Ceistíonn Cúirt Réigiúnach, Beirlín, a éisteanann na himeachtaí sin, dlíthiúlacht na OIEnna sin. Dá bhrí sin, chuir sé sraith ceisteanna faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais chun réamhrialú a fháil ar an Treoir maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla ¹.

Freagraíonn an Chúirt nach gá go nglacfadh breitheamh **OIE atá dírithe ar fhianaise a tharchur atá i seilbh údaráis inniúla an Stáit fhorghníomhaigh cheana féin** (sa chás seo, an Fhrainc). **Féadfaidh ionchúisitheoir poiblí é a dhéanamh** más rud é go bhfuil sé nó sí inniúil, in imeachtaí ar bhonn náisiúnta amháin, chun ordú a thabhairt go ndéanfaí fianaise a bailíodh cheana a tharchur.

Thairis sin, **tá eisiúint cinnidh den sórt sin faoi réir na gcoinníollacha substainteacha céanna is infheidhme maidir le fianaise chomhchosúil a tharchur i gcás náisiúnta amháin. Ar an taobh eile, ní fhéadfaidh sé na coinníollacha substainteacha céanna a urramú agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le bailiú fianaise.** Maidir leis seo, níl sé ábhartha i bprionsabal gur bhailigh údaráis na Fraince an fhianaise sa Ghearmáin agus chun leas a gcomhghleacaithe Gearmánacha sa chás seo. Os a choinne sin, **ní mór do chúirt a éisteanann achomharc i**

gcoinne an chinnidh sin a bheith in ann athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann.

Sonraíonn an Chúirt freisin **nach mór beart atá nasctha le insíothlú gléasanna teirminéil**, atá dírithe ar shonraí tráchtá, suímh agus cumarsáide a bhaint as seirbhís cumarsáide atá bunaithe ar an Idirlíon, **a chur in iúl don Bhallstát ina bhfuil a sprioc suite** (sa chás seo, an Ghearmáin). Tá an rogha ag údarás inniúil an Bhallstáit sin ansin a chur in iúl nach féidir an t-idircheapadh sin ar theileachumarsáid a dhéanamh nó nach mór cur isteach air i gcás nach mbeadh sé údaraithe faoi nós imeachta náisiúnta comhchosúil. Is é is aidhm do na hoibleagáidí agus na féidearthachtaí sin ní hamháin urraim do cheannasacht an Bhallstáit dá dtugtar fógra a ráthú, ach freisin cearta na ndaoine lena mbaineann a chosaint.

Ní mór don chúirt choiriúil náisiúnta neamhaird a thabhairt ar fhaisnéis agus fianaise a fhaightear de shárú ar an Treoir i gcás nach bhfuil an duine lena mbaineann in ann trácht a dhéanamh uirthi agus gur dócha go mbeidh tionchar trom acu sin ar na cinntí fíorais.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile ar ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar ‘[Europe by Satellite](#)’ ☎ (+32) 2 2964106.

Bígí nasctha!



¹ [Treoir 2014/41/AE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 3 Aibreán 2014, maidir leis an ordú imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla.